Truagh an t-amharc-sa, a Éire!

[Thomas F. O'Rahilly: *Measgra Dánta* I, poem 50]

Giolla Brighde Ó Heódhusa

1 Truagh an t-amharc-sa, a Éire!
lem chroidhe is cúis deirbhéile
learga t'fhuinn ghéagaigh ghairthe
d'fhéagain do dhruim dealaighthe.

2 Siar tar mhuinchinn na muire
do-chiú-sa, a chríoch Laoghaire,
guaille do ghormtholach ngeal;
orchradhach uaidhe mh'aigneadh.

3 Beag thrá nár threaghd mo chroidhe,
do athnuadhaigh mh'eolchaire,
do dhruim ar ndeaghlai-ne ribh,
do bheannmhoighe, a fhuinn, d'fhaicsin.

4 A chríoch Bhriain na mbuinneadh ngeal,
ní fhéidir mé [móide ar n-imneadh
's ar sgís fan radharc-sa rinn]
h'amharc-sa a-rís an roichfinn.

5 Ós éigin dúinn deadhail ruibh,
lór leam do loise an tsaoghail
faicsin t'fhuinn ghéisealtaigh ghloin
don tuinn ghéiseachtaigh ghlonnmhair.

6 Measa mar tá, a Thulach Bhreagh, -
ní fhaicthear leam, lor d'imneadh,
fairche faltshoilse th'fhuinn ghloin
ón tuinn atmhair-se ar mh'aghaidh.

7 Ní dom arthrach is olc leam, -
truagh liomsa, a inis Éireann,
sgeith don tuinn altdorcha im ucht
do bhuing h'ardtolcha as mh'amharc.

8 Do chuadar as rinn mo rosg
do thulcha is álainn éagosg;
is tuar orchra dá n-éise
dromchla fhuar na háibhéise.

9 Uchán! a inis na nArt,
tugas - gá truaighe malart? -
taisteal h'uilleadh gclúimhthiogh gcorr
ar bhúirtheadh bhuinneadh mborblonn.

10 Tug mé ar mhonghar na muire
oirfideadh h’éan neamhdhaidhe
’s t’eas ndonnmhálla mbruachdhubh mbinn;
uathmhar orghránna an aisling.

11 Dursan damhsa deadhail ribh,
d’éis mh’oileamhna ó aois leinibh
le grian do gheilchíoch gcorcra,
a sheinchríoch fhial éadrochta.

12 T’fhágbháil gidh cruaidh an croidhe,
ní dubhradh tír thalmhaidhe
dá dtréigfinn do thrilis nduinn,
a inis chéichtshlim Criomhthainn.

13 Dá dtréiginn-se, a Threabh Chonnla,
seal aithghearr, d’fhonn ealadhna,
learga buadha do chíogh gcorr,
do shíor uadha ní anfam.

14 Ionmhain ceard ba chéidcheard damh!
Dá mbeinn thrá gan a tréagadh,
a dhrúichtinnse léar fhaoi Art,
ní fhúigfinn-se ar aoi h’amharc.

15 Tar gach toil dá dtugsam di,
mairg fhuair an iomlaoid gceirde
rom-dheiligh-se rú agus ruibh,
a sheininnse chrú gCobhthaigh.

16 Na cnuic do-chím a-noir
comhaidheach leam iad d’fhéachain;
rachaidh t’amharc-sa uam dhe,-
truagh an t-amharc-sa, a Éire!